



**AN CHOMHAIRLE EORPACH**

**An Bhruiséil, 23 Bealtaine 2013 (27.05)  
(OR. en)**

**EUCO 75/1/13  
REV 1**

**CO EUR 7  
CONCL 5**

**NÓTA CLÚDAIGH**

ó: Ardrúnaíocht na Comhairle

chuig: Na Toscaireachtaí

Ábhar: **AN CHOMHAIRLE EORPACH  
22 Bealtaine 2013**

**CONCLÚIDÍ**

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangan leis seo na conclúidí ón gComhairle Eorpach (22 Bealtaine 2013).

*Sa chomhthéacs eacnamaíoch reatha, is gá dúinn ár mbheartais uile a úsáid chun tacú leis an iomaiochas, le poist agus leis an bhfás.*

*Chuige sin, tá sé ríthábhachtach go mbeidh fuinneamh inacmhainne, inbhuanaithe ar fáil dár ngeilleagair. Sin an fáth ar tháinig an Chomhairle Eorpach ar chomhaontú inniu faoi shraith treoirlínte i gceithre réimse agus, nuair a bhainfear leas astu i dteannta a chéile, ba cheart go bhféadfaidh AE an t-iomaiochas a chothú agus freagairt do dhúshlán na n-ardphraghsanna agus an ardchostais: margadh inmheánach idirnasctha fuinnimh a fheidhmíonn go hiomlán a thabhairt chun críche go práinneach, an insfeistíocht a theastaíonn san fhuinneamh a éascú, éagsúlú soláthairtí na hEorpa agus éifeachtúlacht fheabhsaithe fuinnimh.*

*Mar thoradh ar chalaos chánach, cuirtear teorainn leis an gcumas atá ag tiortha ioncam a chruinniu agus a gcuid beartas eacnamaíoch a chur i gcrích. Tráth a mbíonn srianta dochta buiséadacha ann, bionn níos mó ná cothroime chánach i gceist maidir le calaois chánach a chomhrac - is amhlaidh go bhfuil sé bunriachtanach chun go nglacfar ar bhonn polaitiúil agus ar bhonn sóisialta leis an gcomhdhlúthú fioscach. Chomhaontaigh an Chomhairle Eorpach dlús a chur leis an obair sa chomhrac i gcoinne na calaoise cánach, na himghabhála cánach agus na pleanála ionsaithí cánach. Go háirithe, leanfar, mar ábhar tosaiochta, den obair ar an raon feidhme den mhalaertú uathoibríoch faisnéise a chur chun cinn agus a leathnú ar gach leibhéal.*

## I. AN FUINNEAMH

1. Le beartas fuinnimh AE, caithfear slándáil an tsoláthair a áirithíú do theaghlaigh agus do chuideachtaí ar phraghsanna agus ar chostais inacmhainne, iomaíocha, ar bhealach slán, inbhuanaithe. Tá an méid sin an-tábhachtach d'íomaiochas na hEorpa i bhfianaise an éilimh mhéadaithigh fuinnimh ó mhórgheilleagair agus i bhfianaise ardphraghsanna agus ardchostas fuinnimh. Cé go bhfuil na treoirlínte a leag an Chomhairle Eorpach amach i mí Feabhra 2011 bailí fós agus cé nach mór leanúint dá gcur chun feidhme, tá gá le tuilleadh oibre mar a leagtar amach thíos.
  
2. Agus athdhearbhú á dhéanamh aici ar na cuspóirí chun an **margadh inmheánach fuinnimh** a thabhairt chun críche faoi 2014 agus chun **idirnaisc** a fhorbairt ionas go gcuirfear deireadh le haonrú ar bith i gcás Ballstát ó na gréasáin Eorpacha gháis agus leictreachais faoi 2015, d'iarr an Chomhairle Eorpach go dtabharfar túis áite do na nithe seo a leanas:

- (a) an tríú "pacáiste fuinnimh" a chur chun feidhme ar bhealach éifeachtach comhsheasmhach, chomh maith le dlús a chur faoi na cóid ghréasáin atá fágtha a ghlacadh agus a chur chun feidhme. Na Ballstáit sin nach bhfuil an trasuí sin críochnaithe acu fós, iarrtar orthu é a dhéanamh mar ábhar práinne;
  - (b) an reachtaíocht uile eile lena mbaineann a chur chun feidhme, amhail an Treoir maidir le fuinnimh inathnuaithe a chur chun cinn agus an Rialachán maidir le slándáil an tsoláthair gáis;
  - (c) gníomh níos daingne a dhéanamh ó thaobh éilimh chomh maith le teicneolaíochtaí gaolmhara a fhorbairt, lena n-áirítear pleananna náisiúnta a chur i dtoll a chéile chun eangacha cliste agus méadair chliste a imlonnú go mear i gcomhréir leis an reachtaíocht atá ann cheana;
  - (d) ról agus cearta tomhaltóirí a neartú, lena n-áirítear soláthróirí a athrú, bainistíocht fheabhsaithe ar úsáid fuinnimh agus a gcuid fuinnimh féin a ghiniúint; i ndáil leis an méid sin, cuireann an Chomhairle Eorpach béim ar a thábhachtaí atá sé cosaint a thabhairt do thomhaltóirí leochaileacha;
  - (e) treoir ón gCoimisiún maidir le sásraí acmhainneachta agus maidir le síriú ar shreabha cumhachta neamhphleanálte.
3. Tá sé ar intinn ag an gCoimisiún tuarascáil a chur ar fáil go luath in 2014 ar an dul chun cinn atá déanta maidir leis an margadh inmheánach fuinnimh a chur chun feidhme. Déanfaidh na Ballstáit faisnéis a roinnt ar bhonn rialta maidir le mórchinní náisiúnta fuinnimh a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar Bhallstáit eile, agus roghanna náisiúnta maidir le meascán fuinnimh á n-urramú ag an am céanna.

4. Tá gá le **hinfheistíocht** shuntasach i mbonneagar nua cliste fuinnimh chun soláthar fuinnimh gan bhriseadh ar phraghas inacmhainne a áirithiú. Tá infheistíocht den chineál sin bunriachtanach le haghaidh post agus le haghaidh an fháis inbhuanaithe agus cuideoidh sí le hiomaíochas a fheabhsú. Ba cheart an maoiniú don infheistíocht sin teacht ón margadh go príomha. Dá bhrí sin, is tábhactaí fós é go mbeadh margadh dea-fheidhmiúil carbón agus creat beartais intuartha don aeráid agus don fhuinneamh ann tar éis 2020, lena n-éascófaí caipiteal príobháideach a úsáid agus costais a laghdú maidir le hinfheistíocht fuinnimh. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach an Páipéar Uaine ón gCoimisiún maidir lecreat 2030 do bheartais aeráide agus fuinnimh agus fillfidh sí ar an gceist sin i mí an Mhárta 2014 nuair a bheidh tograí níos nithiúla ag an gCoimisiún chun roghanna beartais i ndáil leis an méid sin a phlé, agus na cuspóirí a leagtar amach do COP 21 in 2015 á gcur san áireamh.
5. Maidir leis an ngníomhú a dhéanfar chun infheistíocht a éascú, tabharfar tosaíocht do na nithe seo a leanas:
  - (a) an Rialachán GTE fuinnimh a chur chun feidhme go mear agus an liosta tionscadal lena mbaineann leas coiteann a ghlacadh an fómhar seo d'fhoinn tacú le hiarrachtaí ar fud an AE chun idirnaisc éifeachtacha idir na Ballstáit a bhaint amach agus gníomh níos dionghbáilte chun an sprioc a chomhlíonadh i ndáil le hidirnascadh 10% ar a laghad d'acmhainneacht tárgthe leictreachais shuiteáilte a bhaint amach;
  - (b) an Treoir maidir le bonneagar breoslaí ionadúla a úsáid a ghlacadh;
  - (c) an t-athchóiriú ón gCoimisiún ar rialacha maidir le státhabhair lena gceadófar idirghabhálacha sonraithe chun infheistíocht i gcúrsaí fuinnimh agus comhshaoil a éascú, lena n-áiritheofar cothroime iomaíochta agus lena n-urramófar sláine an mhargaidh aonair agus lena ndéanfar;
  - (d) fóirdheontais atá díobhálach ó thaobh an chomhshaoil nó ó thaobh eacnamaíoch a chéimniú amach, fóirdheontais do bhrefslaí iontaise san áireamh;
  - (e) treoir maidir le scéimeanna éifeachtúla tacaíochta a bheidh éifeachtach ó thaobh costais de le haghaidh fuinneamh inathnuaithe agus maidir le cumas leordhóthanach giniúna a áirithiú a bheith á cur i láthair ag gCoimisiún;

- (f) bearta náisiúnta agus bearta AE, amhail cistí struchtúracha, bannaí tionscadail agus tacaíocht fheabhsaithe BEI, chun borradh a chur faoin maoiniú a dhéanfar ar an éifeachtúlacht fuinnimh agus acmhainní, ar bhonneagar fuinneamh agus ar athnuaitéain agus chun forbairt bhonn teicniúil agus tionsclaíoch na hEorpa a chur chun cinn;
- (g) iarrachtaí leanúnacha maidir le T&F fuinnimh, maidir le teicneolaíocht agus maidir le sineirgí le TFC a shaothrú, trí chomhar níos fearr idir AE, na Ballstáit agus an tionscal agus trí straitéis T&F i gcúrsaí fuinnimh a chur i dtoll a chéile chun fiorluach breise a bhaint amach ar an leibhéal Eorpach.
6. Tá sé fós ríthábhachtach go dtreiseofar **éagsúlacht sholáthar fuinnimh na hEorpa** tuilleadh agus go bhforbrófar acmhainní dúchasacha fuinnimh le slándáil an tsoláthair a áirithiú, spleáchas AE ar fhuinneamh seachtrach a laghdú agus fás eacnamaíoch a spreagadh. Chuige sin:
- (a) leanfar de leas a bhaint as foinsí fuinnimh inathnuaite, agus á áirithiú go mbeidh siad éifeachtach ó thaobh costais, go ndéanfar iad a chomhtháthú tuilleadh sa mhargadh agus go mbeidh cobhsaíocht eangaí ag roinnt leo agus go dtógfáar ar an taithí a fuarthas i roinnt Ballstát a rinne infheistíocht mhór i dteicneolaíochtaí inathnuaite fuinnimh;
- (b) tá sé ar intinn ag an gCoimisiún measúnú a dhéanamh féachaint an bhféadfaí úsáid níos córasaí a bhaint as foinsí dúchasacha fuinnimh ar tir mhór agus amach ón gcósta d'fhoínn iad a shaothrú ar bhonn sábhláilte, inbhuanaithe a bheidh éifeachtach ó thaobh costais de agus roghanna na mBallstát i dtaca le meascán fuinnimh á n-urramú aige;
- (c) i bhfianaise an idirnáisc idir an margadh fuinnimh inmheánach agus na margáí fuinnimh seachtracha, ar idirnasc é atá ag méadú, feabhsófar an comhar idir na Ballstáit d'fhoínn tacú leis an ngné sheachtrach de bheartas AE um fhuinneamh; roimh dheireadh na bliana 2013, déanfaidh an Chomhairle obair leantach ar a cuid conclúidí de Shamhain 2011 agus athbhreithneoidh sí forbairtí i ndáil le beartas seachtrach AE don fhuinneamh, lena n-áirítear an gá atá le cothroime iomaíochta a áirithiú vis-à-vis táirgeoirí fuinnimh tríú tíortha mar aon le sábhláileacht núicléach sa chomharsanacht AE ag leanúint ó chonclúidí mhí Mheithimh ón gComhairle Eorpach.

7. Féadfaidh bearta **éifeachtúlachta fuinnimh** cur go suntasach leis na treochartaí reatha maidir le praghsanna agus costais fuinnimh a iompú droim ar ais. Tá sé ríthábhachtach go ndéanfar na Treoracha maidir le héifeachtúlacht fuinnimh agus feidhmíocht fuinnimh foirgneamh a chur chun feidhme. Déanfaidh an Coimisiún na Treoracha maidir le héici-dhearadh agus lipéadú fuinnimh a athbhreithniú roimh dheireadh 2014 i gcomhréir le forbairtí teicneolaíocha. Ba cheart bearta agus cláir éifeachtúlachta fuinnimh a chur chun cinn ar gach leibhéal.
8. Ní mór aghaidh a thabhairt ar thionchar praghsanna arda agus chostas ard an fhuinnimh, agus aird á tabhairt ar an ról príomha atá ag margadh rianúil éifeachtach agus ag praghsanna rianúla chun infheistíocht a mhaoiniú. Iarrann an Chomhairle Eorpach go ndéanfar obair a thabhairt chun cinn i dtaca leis na gnéithe seo a leanas:
  - (a) agus aghaidh á tabhairt ar chostais fuinnimh, beidh ról sonrach le himirt freisin ag modúlachtaí nuálacha maoiniúcháin, lena n-áirítear i gcás éifeachtúlacht fuinnimh, ag éagsúlú soláthair níos córasaí agus ag leachtacht fheabhsaithe sa mhargadh inmheánach fuinnimh;
  - (b) ní mór féachaint sa chomhthéacs seo ar an nasc conarthach idir praghsanna ola agus gáis;
  - (c) tá sé ar intinn ag an gCoimisiún anailís ar chomhdhéanamh agus ar thiomántóirí praghsanna agus costas fuinnimh sna Ballstáit a chur i láthair roimh dheireadh na bliana 2013, lena ndíreofar go háirithe ar an tionchar a bhíonn ar theaghlaigh, ar FBManna agus ar thionscail dhianfhuinnimh, agus ar bheathnú i dtéarmaí níos leithne ar iomaíochas AE vis-à-vis a chontrapháirteanna eacnamaíocha ar fud an domhain. Tabharfar aghaidh ar na saincheisteanna sin i gcomhthéacs an idirphlé atá beartaithe do Chomhairle Eorpach mí Feabhra 2014 ar iomaíochas tionsclaíoch agus ar an mbeartas tionsclaíoch.
9. Tuairisceoidh an Chomhairle maidir leis an dul chun cinn i gcur chun feidhme na dtreoirlínte a comhaontaíodh inniu faoi dheireadh na bliana.

## **II. CÁNACHAS**

10. Tá sé tábhachtach go nglacfar céimeanna éifeachtacha chun imghabháil chánach agus calaois chánach a chomhrac go háirithe i gcomhthéacs reatha an chomhdhlúthaithe fhioscaigh, d'fhonn ioncaim a chosaint agus d'fhonn muinín an phobail i gcothromas agus in éifeachtacht na gcóras cánach a áirithíú. Tá gá le tuilleadh iarrachtaí sa réimse seo, lena ndéanfaí bearta ar an leibhéal náisiúnta, ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal domhanda a chumasc, agus inniúlachtaí na mBallstát agus na gConarthaí á n-urramú go hiomlán. Ag meabhrú di na Conclúidí a ghlac an Chomhairle an 14 Bealtaine 2013, iarrann an Chomhairle Eorpach go ndéanfar dul chun cinn go mear i dtaca leis na saincheisteanna a leanas:
- (a) tabharfar tosaíocht d'iarrachtaí an t-uathmhalaartú faisnéise a shíneadh ar leibhéal AE agus ar an leibhéal domhanda. Ar leibhéal AE, tá sé ar intinn ag an gCoimisiún leasuithe a mholadh ar an Treoir faoi chomhar riacháin i mí an Mheithimh d'fhonn go gcumhdófar réimse ioncaim leis an uathmhalaartú faisnéise. Ar an leibhéal idirnáisiúnta, ag forbairt dó ar shaothar leantach san AE agus ar an dlús a cuireadh faoi chúrsaí le déanaí mar thoradh ar an tionscnamh ó ghrúpa Ballstát, saothróidh AE ról ceannaireachta chun caighdeán nua idirnáisiúnta a dhéanamh den uathmhalaartú faisnéise a chur chun cinn, agus socruithe AE atá ann cheana á dtabhairt ar aird. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach na hiarrachtaí leanúnacha atá á ndéanamh ag G8, G20 agus ECFE chun caighdeán domhanda a fhorbairt;

- (b) anuas ar an gcomhaontú ar thángthas air an 14 Bealtaine 2013 maidir leis an sainordú chun comhaontuithe AE leis an Eilbhéis, le Lichtinstéin, le Monacó, le hAndóra agus le San Mairíne a fheabhsú, tosófar ar chaibidhlíocht a luaithe is féidir chun a áirithiú go leanfaidh na tíortha seo de bhearta a chur i bhfeidhm atá comhionann leis na bearta in AE.
- I bhfianaise an mhéid sin agus an comhdhearcadh maidir le raon feidhme na Treorach leasaithe faoin gcánachas ar ioncam ó choigilteas á thabhairt dá haire, d'iarr an Chomhairle Eorpach go nglacfaí é roimh dheireadh na bliana;
- (c) tabharfaidh na Ballstáit tosaíocht freisin don obair leantach nithiúil i dtaca leis an bPlean Gníomhaíochta maidir leis an gcomhrac i gcoinne calaois chánach agus imghabháil chánach a neartú;
- (d) d'fhonn cur i gcoinne na calaoise CBL, tá an Chomhairle Eorpach ag súil go nglacfaidh an Chomhairle na Treoracha maidir leis an sásra mearfhreagartha agus maidir leis an sásra um aistriú táille faoi dheireadh mhí an Mheithimh 2013 ar a dheireanaí;
- (e) déanfar obair a thabhairt chun cinn maidir leis na moltaí ón gCoimisiún i ndáil le pleanáil ionsaitheach chánach agus i ndáil le haistriú brabúis. Tá sé ar intinn ag an gCoimisiún togra a chur i láthair roimh dheireadh na bliana chun an Treoir "máthair-aonáin/fo-aonáin" a athbhreithniú agus tá sé i mbun athbhreithniú a dhéanamh ar na forálacha frith-mhí-úsáide sa reachtaíocht ábhartha de chuid AE; Tá an Chomhairle Eorpach ag súil leis an gcéad tuarascáil eile ó ECFE maidir le creimeadh boinn agus aistriú brabúis;
- (f) tá sé tábhachtach go leanfar den obair laistigh de AE maidir le bearta díobhálacha cánach a dhíothú. Chun na críche sin, ba cheart obair a dhéanamh i ndáil leis an gCód Iompair maidir le cánachas gnó a neartú ar bhonn an tsainordaithe atá aici cheana;

- (g) ní mór iarrachtaí a ghlactar chun dul i ngleic le creimeadh an bhoinn, le haistriú brabús, leis an easpa trédhearcachta, agus le bearta diobhálacha cánach a shaothrú go foriomlán, le tríú tíortha agus laistigh d'fhóraim idirnáisiúnta ábhartha, amhail ECFE, d'fhoínn cothroime iomaíochta a áirithiú, ar bhonn sheasaimh chomhordaithe AE. Tá gá le tuilleadh oibre go háirithe chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh tríú tíortha, lena n-áirítear tíortha i mbéal a bhforbartha, na caighdeáin iomchuí maidir le dea-rialachas i gcúrsaí cánach;
- (h) ní mór déileáil ar bhealach cuimsitheach le himghabháil chánach agus le calaois chánach agus cur i gcoinne sciúradh airgid, laistigh den mhargadh inmheánach agus i dtaca le tríú tíortha agus dlínsí nach bhfuil ag comhoibriú. Sa dá chás sin, tá sé bunriachtanach úinéireacht thairbhiúil a aithint, lena n-áirítear maidir le cuideachtaí, iontaobhais agus fondúireachtaí. Ba cheart go nglacfaí an t-athbhreithniú ar an tríú Treoir i gcoinne sciúradh airgid faoi dheireadh na bliana;
- (i) scrúdófar an togra lena leasaítear na Treoracha maidir le faisnéis neamhairgeadais agus éagsúlachta a bheith á nochtdadh ag cuideachtaí móra agus ag grúpaí móra, go háirithe d'fhoínn á áirithiú go ndéanfaidh cuideachtaí móra agus grúpaí móra tuairisciú de réir thíre;
- (j) tá gá le hiarrachtaí chun freagairt do dhúshláin an chánachais sa gheilleagar digiteach, lena gcuirtear san áireamh go hiomlán obair leanúnach ECFE. Tá sé ar intinn ag an gCoimisiún measúnú a dhéanamh ar na saincheisteanna sin tuilleadh, roimh an bplé ar an gclár oibre digiteach ag Comhairle Eorpach mhí Dheireadh Fómhair 2013.
11. Cuirfidh an Chomhairle tuairisc ar fáil faoin dul chun cinn ar na saincheisteanna seo uile faoi mhí na Nollag 2013.